Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en)

6435/26
ADD 1

LIMITE

UK 30

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0058(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Tuaisceart Éireann, den pháirt eile |

COMHDHEARBHÚ MAIDIR LE LÉIRMHÍNIÚ AR AN gCATAGÓIR DAOINE ATÁ AG TAISTEAL CHUN CRÍCHE GNÍOMHAÍOCHT A DHÉANAMH AR ÍOCAÍOCHT DÁ bhFORÁILTEAR IN AIRTEAGAL 41(2) DEN CHOMHAONTÚ

PUBLIC

De ghrá léirmhíniú comhchoiteann a áirithiú, aontaíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, chun críocha an Chomhaontaithe, go gclúdaítear le catagóir na ndaoine a dhéanann gníomhaíocht ar íocaíocht daoine a théann isteach i gcrích an Pháirtí Chonarthaigh eile mar fhostaí nó mar sholáthraí seirbhíse chun gairm bheatha nó gníomhaíocht ar luach saothair a dhéanamh.

Níor cheart an méid a leanas a chlúdach leis an gcatagóir sin:

(a) daoine gnó, i.e. daoine a thaistealaíonn chun críche idirphléití gnó (gan a bheith fostaithe san Aontas ná sa Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar);

(b) daoine a imríonn spóirt nó ealaíontóirí a thaibhíonn gníomhaíocht ar bhonn *ad hoc*;

(c) iriseoirí arna seoladh ag meáin a dtíre cónaithe; agus

(d) oiliúnaithe ionchorparáideacha.

Déanfaidh an Coiste Speisialaithe um Shaorghluaiseacht Daoine faireachán ar chur chun feidhme an Dearbhaithe seo, a fhéadfaidh athruithe a mholadh, ar bhonn na taithí ag na Páirtithe, a mheasann sé a bheith riachtanach.

COMHDHEARBHÚ POLAITIÚIL MAIDIR LE CUR I gCOINNE CÓRAIS CÁNACH DHOCHRACHA

PUBLIC

Tugann an tAontas Eorpach[1] agus an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar (na 'Rannpháirtithe') formhuiniú don Chomhdhearbhú Polaitiúil a leanas maidir le Cur i gCoinne Córais Cánach Dhochracha.

Dearbhaíonn na Rannpháirtithe, agus iad ag tabhairt aird ar na Prionsabail Dhomhanda maidir le hiomaíochas cothrom cánach, a dtiomantas do chur i gcoinne córais cánach dhochracha, go háirithe na córais a d'fhéadfadh creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis a éascú i gcomhréir le Gníomh 5 de Phlean Gníomhaíochta ECFE um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS). Sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn na Rannpháirtithe a dtiomantas do na prionsabail maidir le cur i gcoinne córais cánach dhochracha a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil seo.

Clúdaítear le córais cánach dhochracha córais don chánachas gnó a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, ar bhealach suntasach do shuíomh na gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear suíomh grúpaí cuideachtaí, laistigh de na Rannpháirtithe. Áirítear le córais chánach idir dhlíthe nó rialacháin agus chleachtais riaracháin.

Má chomhlíonann córas cánach critéar na tairsí maidir le leibhéal éifeachtach cánachais atá i bhfad níos ísle, ná na leibhéil sin a bhfuil feidhm acu go ginearálta sna Rannpháirtithe, lena n-áirítear cánachas nialasach, ba cheart a mheas go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh dó. Féadfaidh leibhéal cánachais den sórt sin feidhmiú de bhua an ráta cánach ainmniúil, an bhoinn cánach nó aon tosca ábhartha eile.

---

[1] Chun críocha na ngealltanas atá le fáil sa Dearbhú seo, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, tuigtear tagairtí do Rannpháirtithe mar thagairtí don Aontas Eorpach, dá Bhallstáit, nó don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit, de réir mar is amhlaidh.

Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise an chur chuige a leagtar amach ar an leibhéal domhanda, agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá córas cánachais gnó dochrach nó nach bhfuil, ba cheart é a thabhairt san áireamh cé acu atá feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na príomhthosca a leanas:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil buntáistí imfhálaithe ón ngeilleagar intíre ionas nach ndéanfaidh siad difear don bhonn cánach náisiúnta nó nach dtugtar ach do neamhchónaitheoirí iad;

(b) cé acu a theipeann nó nach dteipeann ar an gcóras trína ndeonaítear na buntáistí aon ghníomhaíocht eacnamaíoch shubstaintiúil agus láithreacht eacnamaíoch shubstaintiúil a éileamh laistigh den Rannpháirtí ina dtairgtear buntáistí cánach den sórt sin;

(c) cé acu a imíonn nó nach n-imíonn na rialacha chun brabús a chinneadh i ndáil le gníomhaíochtaí laistigh de ghrúpa ilnáisiúnta cuideachtaí ó phrionsabail a nglactar leo go hidirnáisiúnta, go háirithe na rialacha arna gcomhaontú laistigh de ECFE;

(d) cé acu atá nó nach bhfuil easpa trédhearcachta sa chóras cánach, lena n-áirítear i gcásanna ina scaoiltear forálacha dlí ar leibhéal riaracháin ar bhealach neamh-thrédhearcach nó i gcás nach bhfuil aon mhalartú éifeachtach ar fhaisnéis a mhéid a bhaineann leis an gcóras.

Féadann na Rannpháirtithe idirphlé bliantúil a reáchtáil chun plé a dhéanamh ar fhadhbanna i ndáil le cur i bhfeidhm na bprionsabal sin.

PUBLIC

TÉACS ARNA MHOLADH AG AN gCOIMISIÚN LE hAGHAIDH DEARBHÚ MAIDIR LEIS AN NASCACHT IOMPAIR AR BÓTHAR I nGIOBRÁLTAR A FHORLÍONADH

Aithníonn na Páirtithe na sochair don réigiún {atá le sonrú} a bhaineann le nascacht trasteorann don iompar ar bóthar, agus an luach a bhaineann le Giobráltar a áireamh i rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa Phrótacal a bhaineann le Comhdháil Eorpach na nAirí Iompair (CEAI), Cuóta iltaobhach CEAI, agus Comhaontú Interbus. Tacóidh an tAontas Eorpach le leathnú Chomhaontú Interbus chuig Giobráltar, a luaithe a chomhlíontar na coinníollacha don leathnú sin. Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire an litir ón gCoimisiún Eorpach ina dtagraítear do Dhearbhú na mBallstát den Aontas Eorpach atá ina bPáirtithe sa Phrótacal a mhéid a bhaineann le CEAI, a rinneadh le haghaidh mhiontuairiscí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ina maíonn na Stáit sin a rún tacú le háireamh Ghiobráltar i rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa Phrótacal a bhaineann le CEAI agus Cuóta iltaobhach CEAI.

PUBLIC

DEARBHÚ NA RÍOCHTA AONTAITHE MAIDIR LE COMHAONTÚ SCÁTHÁNACH IDIR TÍORTHA COMHLACHA SCHENGEN AGUS AN RÍOCHT AONTAITHE

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire an dlúthghaolmhaireacht idir an tAontas Eorpach, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, go háirithe de bhua Chomhaontuithe an 18 Bealtaine 1999 agus an 26 Deireadh Fómhair 2004 a mhéid a bhaineann le comhlachas na dtíortha sin le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen.

I gcásanna den sórt sin, is iomchuí go ndéanann údaráis na hIorua, na hÍoslainne, na hEilvéise agus Lichtinstéin, ar lámh amháin, agus údaráis na Ríochta Aontaithe ar an lámh eile, gan mhoill, comhaontuithe déthaobhacha ar chúrsaí a bhaineann le saorghluaiseacht daoine a chlúdaítear le Cuid a Dó den Chomhaontú, a dhéanann difear d’fheidhmiú an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.

PUBLIC

**DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS EORPACH AGUS ÓN RÍOCHT AONTAITHE MAIDIR LE hAIRTEAGAL 152(1) DEN CHOMHAONTÚ**

Aithníonn na Páirtithe go gcomhlánaíonn na forálacha maidir le cúnamh frithpháirteach a leagtar amach i gCaibidil 6 de Theideal V, Cuid II, ionstraimí ábhartha Chomhairle na hEorpa, mar a liostaítear in Airteagal 152(1), a mhéid atá na hionstraimí sin de chuid Chomhairle na hEorpa infheidhme maidir le Ballstát nó leis an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, agus a mhéid sin amháin. Deimhníonn na Páirtithe a dtuiscint fhrithpháirteach nach bhfágann tagairtí do na hionstraimí sin de chuid Chomhairle na hEorpa go bhfuil siad infheidhme maidir le Ballstát ná leis an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, mura bhfuil na hionstraimí sin de chuid Chomhairle na hEorpa daingnithe acu.

PUBLIC